Imdhíonadh do leanaí réamhscoile
trí go cúig bliana d'aois

Irish translation of *Immunisation for pre-school children three to five years old*

Réamhrá
Tá eolas sa bhileog seo mar gheall ar an vacsaí diftéire, teiteanas, triuch agus pólaimiailíteas, agus an vacsaín teanndáileoige MMR a thugtar do leanaí sula dtéann siad ar scoil. Más mian leat caint faoin fhaisnéis seo, bí i dteagmháil le do dhochtúir teaghlaigh, le cuairteoir sláinte nó le haltra cleachtais. B'fhiú duit fosta cuairt a thabhairt ar:
www.mmrthefacts.nhs.uk
www.immunisation.nhs.uk
www.dhsspsni.gov.uk/phealth

An vasasín diftéire, teiteanas, triuch, agus pólaimialíteas
Tugann an vacsaín seo cosaint in éadan diftéire, teiteanas, triuch agus pólaimiailíteas Tugtar cuid an phólaimiailíteas san istealladh céanna anois seachas trí bhéal.

Gheobhaidh do leanbh teanndáileog den vacsaín seo agus é/í idir trí bliana agus cúig bliana d'aois (roimh thosú ar scoil).

Tabharfar teanndáileog bhreise dóibh in éadan diftéire, teiteanas agus pólaimiailíteas agus iad idir 14 agus 18 mbliana d'aois.

Cén dóigh a bhfuil a fhios againn go bhfuil an vacsaín seo sábháilte agus éifeachtúil?
Is iomaí triail a dhéantar ar vacsaín le deimhniú go bhfuil sé sábháiltea agus go n-oibríonn sé sula dtugtar do dhuine ar bith é. Leanann na trialacha ar aghaidh fiú tar éis an vacsaín a bheith tugtha isteach. Ní úsáidtear ach vacsaíní a n-éiríonn leo i ngach triail sábháilteachta. Bíonn fo-éifeachtaí ag gach cógas, ach bíonn vascaíní i measc na gceann is sábháilte. Léiríonn an taighde atá déanta ar fud an domhain gurb é an t-imdhíonadh an dóigh is sábháilte le sláinte do linbh a chosaint.

Chuala mé go mbíonn thiomersal (mearcair) i vacsaíní
Ní úsáidtear thiomersal (Mearcair) níos mó sa ghnáthchlár vacsaíní imdhíonta óige. Úsáideadh méid an-bheag mearcair ar feadh os cionn 60 bliain chun vacsaíní a chaomhnú. Níl fianaise ar bith ann go ndearnadh aon dochar san am sin. Ach éiríodh as a úsáid de réir chéile mar chuid d'fheachtas domhanda chun nochtadh do mhearcair a laghdú ó fhoinsí inseachanta.

Cad iad na galair a choscann an vacsaín seo?

Diftéire

Is galar tromchúiseach é an diftéire a chruthaíonn deacrachtaí leis an anáil go gasta. Tig leis dochar a dhéanamh don chroí agus don néarchóras, agus i ndroch-chásanna, tig leis daoine a mharú. Sular tugadh an vacsaín diftéire isteach, bhí suas le 1,500 cás diftéire i dTuaisceart Éireann gach bliain.

Teiteanas

Is galar pianmhar é an teiteanas a théann i bhfeidhm ar na matáin agus a d'fhéadfadh cur isteach ar an anáil. Frídíní san ithir agus in aoileach a théann isteach sa cholainn trí ghearradh oscailte nó dó is cúis leis. Téann teiteanas i bhfeidhm ar an néarchóras agus tig leis daoine a mharú. Ní féidir é a aistriú ó dhuine go duine.

Pertussis (Triuch)

Is galar é an triuch a spreagann babhtaí fada casachtaí agus tachtadh sa dóigh go mbíonn deacair análú. Tig leis leanúint ar feadh suas le 10 seachtainí. Tig leis a bheith an-dona do leanaí óga agus fiú leanbháin atá faoi bhliain amháin d'aois a mharú. Sular tugadh isteach an vacsaín pertussis, bhí suas le 3,500 cás pertussis á dtuairisciú i dTuaisceart Éireann gach bliain.

Pólaimiailíteas

Is víreas é an póilió a ionsaíonn an nearchóras agus tig leis pairilís bhuan a chur ar na matáin. Má théann sé i bhfeidhm ar mhatáin chliabhraigh nó ar an inchinn, tig le pólaimiailíteas daoine a mharú. Sular tugadh an vacsaín polaimiailíteas isteach, bhí suas le 1,500 cás póilió i dTuaisceart Éireann gach bliain.

Fo-éifeachtaí an vacsaín

Ní bhíonn fo-éifeachtaí ar bith ag formhór na leanaí, ach ní mar a chéile gach leanbh. D'fhéadfadh cuid de na fo-éifeachtaí seo a bheith ag do leanbhán, ach bíonn siad éadrom de ghnáth:

- cantal ar feadh suas le 48 n-uaire tar éis an t-instealladh a fháil;
- fiabhras éadrom;
- cnapán beag ag láthair an insteallta.

Tig leis seo maireachtáil ar feadh roinnt seachtainí agus imeacht go mall. Más é do bharúil go bhfuil frithghníomh ar bith eile ag do leanbh don vacsaín diftéire, teiteanas, triuch agus polaimiailíteas agus má tá imní ort faoi, labhair le do dhochtúir, le haltra cleachtais nó le cuairteoir sláinte.

Tig le tuismitheoirí agus le cúramóirí fo-éifeachtaí amhrasta vacsaíní agus cógaisí a thuairisciú tríd scéim an Chárta Buí. Is féidir é seo a dhéanamh ar-líne trí chuairt a thabhairt ar www.yellowcard.gov.uk nó glaoch ar líne práinne saorfón 0808 100 3352 (ar fáil ó Luan go hAoine 10.00 am go 2.00 pm).

Tig le frithghníomh ailléirgeach tarlú de bharr vacsaíniú corruair, ar nós gríos nó tochas ar chuid den cholainn nó ar an cholainn uilig. Rud fíorannamh é go mbeadh frithghníomhú an-ghéar ag leanaí in éadan an imdhíonú, le deacrachtaí anála agus tnáitheadh fiú. Tugtar anaifiolacsas air seo.

Léiríonn staidéar le gairid go dtuairiscítear cás amháin anaifiolacsas as timpeall leathmhilliún imdhíonadh. Cé gur ábhar imní iad frithghníomhaithe ailléirgeacha, tig téarnamh gasta iomlán le cóireáil.

Go han-annamh, d'fhéadfadh taom a bheith ag leanaí lá nó dhó tar éis an vacsainiú seo. Baineann sé seo le teocht an-ard de ghnáth. Má bhíonn taom ag do leanbh, cuir glaoch ar do dhochtúir láithreach. Tagann leanaí chucu féin go gasta agus go hiomlán ó thaomanna de ghnáth.

D'fhéadfadh taomanna a bheith ag leanaí óga ag am ar bith, agus mar sin ní gá go mbeadh baint ag taom le vacsaín fiú má tharlaíonn sé díreach i ndiaidh an vacsainiú. Cinnfidh do dhochtúir ar cheart aon dáileog eile den vacsaín a thabhairt do do leanbhán.

An vacsaín MMR
Tugann an MMR cosaint don leanbh in éadan an bhruitíneach (M), an leicneach (M) agus an bhruitíneach dhearg (R: rubella).

Ba chóir go bhfaigheadh do leanbh teanndáileog den vacsaín seo agus é/í idir trí bliana agus cúig bliana d'aois (roimh thosú ar scoil).

Mura bhfuil an chéad dáileog faighte ag do leanbh, beidh dhá dháileog de dhíth agus trí mhí eatarthu

Ó tugadh an MMR isteach anseo i 1988, tá níos lú leanaí ná riamh ag fáil na ngalar seo.

Is féidir le seachghalair thromchúiseacha a bheith ag an bhruitíneach, an leicnecah agus an bhruitíneach dhearg araon.

- Tig leis an bhruitíneach a bheith ina chúis le hionfhabhtuithe cluaise, fadhbanna riospráide agus meiningíteas/einceifiilíteas (athlasadh inchinne). Tá baol báis ann i 1 as 2,500-5,000 cás.

- Tig leis an leicneach a bheith ina chúis bhodhaire, a mbeidh lántéarnamh nó leath-théarnach leis, le magairlí ata pianmhara i mbuachaillí níos sine agus i bhfir fhásta. Ba é ba chúis leis formhór na meiningíteas víreasacha i leanaí.

- Tig leis an bhruitíneach dhearg a bheith ina cúis le hathlasadh inchinne agus is féidir léí tionchar a imirt ar théachtadh fola. Tig leis a bheith ina cúis le breith anabaí i mná torracha, nó mórfhadhbanna sláinte dá leanbháin ar nós daille, bodhaire, fadhbanna croí nó damáiste inchinne.

Tá sé tábhachtach nach ndéanfaí dearmad go bhfaigheadh gach leanbh gach ceann de na galair seo gan an vacsaín MMR.

An mbíonn fo-éifeachtaí ag an MMR?
Mar a bhíonn le gach cógas, baineann fo-éifeachtaí áirithe le vaicsínithe. Is mionéifeachtaí iad a bhformhór agus ní mhaireann siad i bhfad, msh, deirge agus at ag láthar an insteallaithe.

Bíonn trí vacsaín éagsúla san aon instealladh amháin MMR. Feidhmíonn na vacsaíní ag amanna éagsúla. Thart fá seachtain go deich lá i ndiaidh an imdhíonadh MMR, tagann fiabhras ar roinnt leanaí, tagann gríos atá cosúil leis an bhruitíneach orthu agus caillean siad a ngoile agus cuid na bruitíní den vacsaín ag tosú ag obair. Go fíorannamh is féidir le do leanbh gríos de spotaí beaga atá cosúil le ballbhrúnna a fháil ó chuid na bruitíní deirge den vacsaín timpeall coicís i ndiaidh an MMR. Tagann biseach air seo de ghnáth leis féín ach má fheiceann tú spotaí mar seo, taispeáin don dochtúir iad. Thart fá thrí sheachtain i ndiaigh an insteallta, d'fhéadfadh leanbh cineál éadrom leicní a fháil agus cuid na leicní den MMR ag dul i bhfeidhm.

Corruair is fíor go mbíonn droch-fhníomhú ag leanaí don vacsaín MMR. Beidh taom ag timpeall 1 as 1,000 mar gheall ar theocht ard ó chuid na bruitíní den vacsaín. Níl aon fhianaise ann go mbíonn fadhbanna fadtéarmacha ann dá bharr seo. Is mó faoi chúig an baol go mbeadh taom ag leanbh de dheasca na bruitíní féin.

Bíonn frithghníomhaithe ailléirgeacha ann mar gheall ar vacsaíní uaireanta, ach bíonn siad an-ghann, agus tig téarnamh gasta iomlán le cóireáil.

Tuairiscítear einceifilíteas (athlasadh na hinchinne) i dtimpeall cás amháin as milliún imdhíonadh. Níl sé seo a dhath níos airde ná an seans go bhfaigheadh leanbh ar bith einceifilíteas gan an vacsaín. Ach bíonn an bhruitíneach ina chúis einceifilíteas i 1 as gach 5,000 leanbh a fhaigheann an galar.

Léiríonn comparáidí idir fo-éifeachtaí MMR agus fo-éifeachtaí na bruitíní, na leicní nó na bruitíní deirge go bhfuil an vacsaín i bhfad níos sábháilte ná na galair.

Seachghalair	**Ráta tar éis**	**Ráta tar éis**
Taomanna (de dheasca ardteochta)	1 as 200	1 as 1,000
Meiningíteas athlasadh inchinne (einceifilíteas)	1 as 200 go 1 as 5,000	1 as 1,000,000
Riochtanna a bhaineann le téachtadh fola	1 as 3,000	1 as 24,000
Bás (ag brath ar aois)	1 as 2,500 go 1 as 5,000	Cás ar bith

Is annaimhe fós na fo-éifeachtaí seo i ndiaidh an dara dáileog MMR.

Fíricí maidir leis an vacsaín MMR

- Tugann an MMR cosaint don leanbh in éadan an bhruitíneach, an leicneach agus an bhruitíneach dhearg.

- Le 30 bliain anuas, tugadh níos mó ná 500 milliún dáileog den MMR i níos mó ná 100 tír. Tá ardchaighdeán sábháilteachta aige.

- Níl fianaise ar bith ann go bhfuil baint idir MMR agus uathachas nó le galar putóige.

- Is féidir dochar a dhéanamh má thugtar na vacsaíní ina n-aonar. Fágann sé go mbíonn an baol ann go dtógfaidh leanaí an bhruitíneach, an leicneach nó an bhruitíneach dhearg.

- Ní mholtar i dtír ar bith ina bhfuil an MMR ar fáil go dtabharfaí gach vacsaín ina aonar.

- Sa bhliain sular tugadh an MMR isteach sa RA, thóg 86,000 an bhruitíneach agus fuair 16 díobh bás. Mar gheall ar ghlacadh íseal leis an vacsaín, bhí ráigeanna bruitíní in Éirinn agus sa Spáinn ar na mallaibh, agus cailleadh roinnt leanaí dá dheasca.

Cad mar gheall ar na tuairiscí go bhfuil naisc idir uathachas agus an MMR?
Bíodh gur minice a aithnítear uathachas na laethanta seo, bhí an méadú i líon na gcásanna ag tarlú i bhfad sular tugadh an MMR isteach. Is minic a aithníonn tuismitheoirí comharthaí uathachais i leanaí i ndiaidh a gcéad lá breithe. Tugtar am MMR do leanaí ag thart fán aois seo de ghnáth, ach ní chiallaíonn sé sin gurb é an MMR is cúis leis an uathachas.

Rinneadh taighde forleathan sa Danmhairg, sa tSualainn, sa bhFionnlainn, i gCeanada, i SAM agus san RA, a raibh na céadta míle leanbh páirteach ann, le fáil amach an raibh aon nasc idir an vacsaín MMR agus uathachas. Níor aithníodh aon nasc.

Tá saineolaithe ar fud an domhain, agus an Eagraíocht Sláinte Domhanda, ar aon intinn nach bhfuil aon nasc idir an vacsaín MMR agus an t-uathachas.

Ar coinníodh súil ar leanaí fada go leor tar éis an MMR le bheith cinnte go bhfuil sé sábháilte?
Tá an MMR in úsáid i SAM le breis agus 30 bliain agus úsáideadh os cionn 200 milliún dáileog. Coinníodh súil ar fhrithghníomhartha sa bhFionnlainn ar feadh 14 bliana tar éis do leanaí an MMR a fháil, agus dhá dháileog den MMR á dtabhairt dóibh ó 1982 i leith. Níor tuairiscíodh aon dochar buan de dheasca na vacsaíne. Le fírinne, léiríodh gur vacsaín an-éifeachtach é an MMR a bhfuil stair iontach sábháilteachta aige.

Nárbh fhearr na vacsaíní MMR a thabhairt do leanaí ceann ar cheann?
Dá dtabharfaí na vacsaíní ceann ar cheann bheadh sé (6) instealladh i

gceist seachas péire agus bheadh leanaí oscailte do dhá ghalar ar feadh bliana ar a laghad. Tig leis na galair seo a bheith tromchúiseach agus fiú marfach.

Tá sé ráite go gcuireann trí vacsaín le chéile barraíocht stró ar chórais imdhíonaithe leanaí. Ní fíor sin. Ó rugtar iad, cosnaíonn córais imdhíonaithe leanaí iad ó na frídíní agus na víris atá mórthimpeall orthu.

Molann Eagraíocht Sláinte an Domhain gan vacsaíní aonair a thabhairt mar go bhfágfadh siad leanaí i mbaol gan tairbhe. Ní mholtar i dtír ar bith ar domhan go dtabharfaí an MMR mar thrí vacsaín ar leth. Níl aon fhianaise ann go bhfuil a dhath níos sábháilte na vacsaíní a thabhairt ina n-aonar, agus mar sin d'fhéadfaimis dochar a dhéanamh gan tairbhe.

An bhfuil fáth ar bith ann nár chóir go bhfaigheadh mo leanbh iomdhíonadh leis an vacsaín don diftéire, leicneach, triuch agus pólaimiailíteas nó an MMR?
I bhfíorbheagán cásanna níor chóir do leanbh a imdhíonadh. Ba chóir duit do chuairteoir sláinte, do dhochtúir nó d'altra cleachtais a chur ar an eolas má tharlaíonn aon cheann díobh seo:

- fiabhras nó teocht an-ard ar an leanbh;
- droch-fhrithghíomhú in éadan aon imdhíonú;
- ailléirge dian in aghaidh aon rud;
- neamhord fola ag an leanbh;
- arraingeacha nó taomanna ar an leanbh;
- cóireáil ailse a bheith faighte ag an leanbh;
- má bhí tinneas ag an leanbh a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonaithe (msh leoicéime, VEID nó SEIF);
- má tá cógaisí á nglacadh ag an leanbh a théann i bhfeidhm ar an chóras imdhíonaithe (stearóidí arddháileoige nó cóireálacha a thugtar tar éis trasphlandú orgáin nó ailse);
- má bhíonn aon drochthinneas eile ar an leanbh.

Ní chiallaíonn siad sin i gcónaí nach féidir do leanbh a imdhíonadh, ach cuidíonn sé leis an dochtúir nó leis an altra cinneadh a dhéanamh faoi na himdhíonuithe is fearr do do leanbh agus faoi aon chomhairle ba chóir a chur ort. Má tá stair tinnis sa teaghlach ní cúis é sin nach dtabharfaí imdhíonadh do leanbh.

Cad a tharlaíonn má bhíonn teocht ard ag mo leanbhán tar éis imdhíonaithe?
Is annamh a bhíonn fo-éifeachtaí ag na vacsaíní, bíonn siad éadrom go leor agus imíonn siad go gasta. D'fhéadfadh teocht ardaithe nó fiabhras a bheith ag roinnt leanbhán (os cionn 37.5°C). Má mhothaíonn aghaidh do leanbháin a bheith te agus má bhíonn cuma dhearg nó lasta orthu, is dócha go bhfuil fiabhras acu. Ba chóir duit teocht a dheimhniú le teirmiméadar.

Bíonn fiabhras ar leanbháin agus ar leanaí go minic. Faightear é le hionfhabhtú go minic. D'fhéadfadh taom a bheith ag leanbh mar gheall ar fhiabhras corruair. Tig le fiabhras ar bith a bheith ina chúis leis seo, de bharr ionfhabhtaithe nó vacsaín. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios agat cad ba cheart a dhéanamh má tá fiabhras ar do leanbh. Cuimhnigh air gur dócha gur mar gheall ar ghalar seachas vacsaín a bhíonn fiabhras ann.

Conas cóir a chur ar fhiabhras

1. Coinnigh do leanbhán fionnuar trí a chinntiú:

   nach bhfuil barraíocht sraitheanna éadaí nó blaincéidí orthu;

   nach mbíonn an seomra ina bhfuil siad róthe (ná bíodh sé rófhuar ach an oiread, ach measartha fionnuar).

2. Tabhair go leor deochanna fuara dóibh.

3. Tabhair paraicéiteamol linbh nó lacht ibuprofen dóibh (iarr an ceann gan siúcra). Léigh na treoracha ar an bhfuidéal go cúramach agus tabhair an dáileog atá ceart dá n-aois don leanbh. B'fhéidir go mbeidh an dara dáileog de dhíth ceithre go sé huaire níos moille.

Ná dearmad nach dtugtar cógaisí ina bhfuil aspirin do leanaí faoi 16 bliana d'aois riamh.

Cuir scairt ar an dochtúir láithreach má:

- tá teocht an- ard ar an leanbh (39°C níos níos airde);
- má tá taom ag an leanbh.

Má bhíonn taom ar an leanbh, cuir ina luí ar a dtaobh iad in áit shábháilte nó d'fhéadfadh an cholainn a bheith ag geit nó ag preabadh.

Gnáthchlár imdhíonta na hóige

Nuair atá Imdhíonadh le déanamh	Na galair a dtugann an vacsaín cosaint ina n-aghaidh	An dóigh a dtugtar é
2 mhí d'aois	Diftéir, teiteanas, pertussis (triuch), polaimiailíteas agus Hib Ionfhabhtú niúmococach	Instealladh amháin Instealladh amháin
3 mhí d'aois	Diftéir, teiteanas, pertussis, polaimiailíteas agus Hib Meiningíteas C	Instealladh amháin Instealladh amháin
4 mhí d'aois	Diftéir, teiteanas, pertussis, polaimiailíteas agus Hib Meiningíteas C Ionfhabhtú niúmococach	Instealladh amháin Instealladh amháin Instealladh amháin
12 mí d'aois	Hib agus meiningíteas C	Instealladh amháin
15 mí d'aois	Bruitíneach, leicneach agus rubella Ionfhabhtú niúmococach	Instealladh amháin Instealladh amháin
3 go 5 bliana d'aois	Diftéire, teiteanas, pertussis, polaimiailíteas agus Hib Bruitíneach, leicneach agus rubella	Instealladh amháin Instealladh amháin
14 go 18 bliana d'aois	Diftéir, teiteanas, agus polaimiailíteas	Instealladh amháin

Más amhlaidh nach bhfuair do leanbh aon cheann de na vacsaíní seo, níl sé rómhall riamh iad a fháil. Socraigh coinne le do dhochtúir nó leis an chuairteoir sláinte.

Má tá a thuilleadh eolais uait faoi imdhíonadh, tabhair cuairt ar shuíomh an DHSSPS www.dhsspsni.gov.uk/phealth nó ar an suíomh náisiúnta imdhíonaithe www.immunisation.nhs.uk nó www.mmrthefacts.nhs.uk

Health Promotion Agency

Department of Health, Social Services and Public Safety
www.dhsspsni.gov.uk

Produced by the Health Promotion Agency for Northern Ireland on behalf of the Department of Health, Social Services and Public Safety and the four Health and Social Services Boards. Crown Copyright material reproduced with the permission of the Controller of HMSO and the Queen's Printer for Scotland.

02/07